



## Comhdháil ar Litríocht agus ar Chultúr na Gaeilge 2021 Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh

### Achoimrí

#### An tOllamh Breandán Mac Suibhne (Aoiléacht)

*Stiúrthóir Léinn, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh*

TEIDEAL: ‘What has happened to this house?/Caidé a d’éirigh don teach seo?’

Brian Friel agus Bunadh a Mháthara, c. 1692–1962

ACHOIMRE: B’as na Gleanntaí in iarthar Thír Chonaill do mháthair Bhrian Friel agus glactar le ‘Ballybeg’, (An Baile Beag), an baile samhailteach i gcuid mhaith dá chuid drámaí, mar scáile den tsráidbhaile chéanna. Leoga, thiomnaigh Friel *Dancing at Lughnasa* (1990), ceann de na drámaí is mó iomrá leis, *to those five brave Glenties women*—a mháthair agus ceathrar dá cuid deirfiúracha, a bhfuil na príomhcharachtair ar an ardán, a bheag nó a mhór, bunaithe orthu. Tá cuid dá chuid gearrscéalta suite i bparóiste na nGleanntach fosta—Inis Caoil, mar is fearr aithne air, áit a bhfuil an Ghaeilge mar theanga dúchais i gcónaí thart fá Bhaile na Finne agus Éadan Anfa—agus thrácht sé ar shaol agus ar chultúr na háite in ailt nuachtáin agus irise in Éirinn agus thar lear. Pléitear anseo stair bhunadh mháthair Friel, ó thaobh athara agus máthara, thar thréimhse cúpla céad bliain; déantar é sin ‘i gcomhrá’ le saothar uilig Friel, agus go háirithe le *Lughnasa*. Ní ar mhaithe leis an iontas ar an ardán a scrios a dhéantar seo, ná le rud ar bith a dúirt sé féin ná duine ar bith eile fána mhuintir a bhréagnú. Is é atá i gceist, cheana, go bhfaighfí tuigbheáil níos fearr ar cheann de thoibreacha doimhne a shamhlaíochta—*saol* Ghaeltacht Láir Thír Chonaill—ina am féin agus i bhfad roimh a am. Léireofar an saol sin mar a bhí sé agus mar a chonacthas ón taobh amuigh is ón taobh istigh é, agus an rath agus an mírath a bhí ar bhunadh a mháthara mar chuid de.

#### An Dr Deirdre Ní Chonghaile (Aoiléacht)

*Coimeádaí, Amhráin Árann - Aran Songs*

TEIDEAL: ‘an mhaith is lugha atá innti’: Tomás Ó Máille (1880-1938), bailitheoir béaloidis, teangeolaí, eagarthóir nuachtán, ollamh

ACHOIMRE: Nuair a ceadaíodh ollúnacht le Gaeilge agus leis an Léann Ceilteach i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, den chéad uair i 1909, b’é Tomás Ó Máille (1880-1938) as Muintir Eoghain i nGleann an Mháma a ghlac leis an gcúram. Fear é seo a tógadh go dá-theangach faoi scáth shléibhte Mhám Toirc agus a oileadh i mBaile Átha Cliath, i Learpholl, i Manchain, in



Freiburg agus Bonn na Gearmáine i léann na teangeolaíochta ag tús an chéid seo caite. I dteannta a dhearthára Micheál, chaith Tomás a óige ag breacadh amhráin ó bhéal na ndaoine i gceantar an Mháma. Lean sé de cheird an bhailitheora ar feadh a shaoil, ag obair as lámha breis agus 180 aithriseoir agus ag baint leas as trealamh fuaimne ó na 1920í ar aghaidh. Sheas sé seal sa bhearna bhaoil le linn Cogadh na Saoirse agus scríobh cuntas tábhachtach ar eachtraí an ama sin ina leabhar An tIomaire Rua. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí an nuachtáin An Stoc agus ghníomhaigh mar eagarthóir ó 1917 go 1931. Ba mhínic lena mhic léinn a bheith páirteach san obair úd, idir bailiúchán ábhair agus dáileachán.

Trí shúil a chaitheamh siar ar oidhreacht ildánach cheannródaíoch Thomáis Uí Mháille, cruthófar comhthéacs níos saibhre dá bhailiúchán luachmhar fuaimne, cnuasach ina bhfuil na céadta fiteáin d'ábhar Gaeilge as gach contae taobh thiar den tSionainn, an cnuasach fuaimne is mó a chruthaigh bailitheoir aonair a d'fheidhmigh go neamhspleách sa chéad leath den bhfichiú aois. Ar bhun méid agus ar bhun uailmhéine, tá oidhreacht bhisiúil seo Uí Mháille gan sárú. Cloisfear faoi na gréasáin éagsúla ina raibh sé páirteach, go háitiúil, go náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta. Aithneofar an Máilleach ar dhuine de réamhtheachtairí na ndána digiteacha. Ar deireadh, léireofar an leas a bhainfí amach anseo as a shaothar le cabhair an léinn úd.

### **Laoghseach Ní Choistealbha**

*Mac Léinn PhD, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh*

**TEIDEAL:** ‘Aigne na mban ní sona’: Saol na mban tar éis Chernobyl i bhfilíocht Bhríd Ní Mhóráin

**ACHOIMRE:** Pléascadh freasaitheoir uimhir a ceathair den stáisiún núicléach Chernobyl ar 26 Aibreán 1986. Scaipeadh radaíocht bhaolach ar fud na hEorpa mar gheall ar an pléascadh seo. Ar ámharaí an tsaol do mhuintir na hÉireann, níor imir leibhéil bhorrtha na radaíochta an oiread sin tionchair ar an tír seo. In ainneoin sin, ní raibh drogall ar fhilí Gaeilge na tíre tabhairt faoin ábhar chun uafás na tubaiste a chur in iúl: ‘Gaoth Anoir’ le Conleth Ellis, ‘Chernobyl’ le Claire Dagger (2004); ‘Pobal Chernobyl Abú’ (1987) agus ‘Chernobyl’ (1987) le Ciarán Ó Coigligh; ‘Picnic i Reilig sa Bhílearúis’ le Celia de Fréine (2001); ‘An Pháirc Fíogadáin’ le Eithne Strong (1998) agus ‘Chernoble - Sellafield’ le Brian Ó Baoill (1992).

Díreoidh an páipéar seo ar ghné ar leith den tubaiste: an tionchar a imir iarmhairtí Chernobyl ar shaol na mban. Chun an cheist seo a chíoradh, pléifear dhá dhán le Bríd Ní Mhóráin, mar atá: ‘Trí Thrua na Bealarúise’ (2002) agus ‘Na Trí Nithe is iontaí amuigh tar éis Chernobyl’ (1992). Déanfar scrúdú sa pháipéar seo ar conas mar a chuaigh truailliú radaíoch Chernobyl i bhfeidhm ar shaol laethúil na mban, agus conas mar atá ábhar na ndánta seo fós tráthúil maidir le géarchéim aeráide na linne seo.



## An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin

*Ceann Scoile, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh*

**TEIDEAL:** Seachadadh Idirghlúine na Gaeilge i nGaeltacht Luimnigh ag tús an 20ú haois

**ACHOIMRE:** Bhí iarthar Luimnigh ar na ceantair ar bhailigh Coimisiún na Gaeltachta (1926) eolas ar chumas Gaeilge na dteaghlach iontu mar cheist bhreise ar an Suirbhé Náisiúnta Talmhaíochta a rinneadh in 1925. Cuireadh an t-eolas sin i gcomparáid le fianaise Dhaonáireamh 1911 agus dá thoradh sin, aithníodh go raibh an Ghaeilge fós á labhairt ag breis is an cheathrú cuid den phobal sa cheantar tuaithe thart ar Mhainistir na Féile ag an am, i. an tairseach cainteoirí a bheadh de dhíth le ceantar a áireamh mar Ghaeltacht, ach de dheasca an ceantar a bheith scoite amach ó cheantair níos láidre Gaeilge, níor moladh an t-aitheantas Gaeltachta a thabhairt dó. Ina dhiaidh sin, áiríodh an ceantar mar chuid den Ghaeltacht ar mhaithe le hAcht na dTithe (Gaeltacht), 1929, cé nach léir gur bronnadh riamh deontas tithíochta ar bith ann faoin scéim. Léiríonn sonraí na ndaonáireamh, suirbhé Choimisiún na Gaeltachta agus fianaise Scéim na Scol iarsmaí an dúchais agus éifeacht na hAthbheochana araon i dteaghlach an cheantair, faoi mar a bhí an scéal i gcuid mhaith den tír i mblianta tosaigh an Stáit. Sa pháipéar seo, bainfear leas as fianaise Dhaonáireamh 1911 agus 1901 chun an tréimhse inar éirigh tromlach an phobail i gceantar Mhainistir na Féile as an Ghaeilge a thabhairt dá gcuid páistí a léiriú agus cuirfear béim ar phróifíl na n-eisceachtaí; na teaghlach a lean de labhairt na Gaeilge in ainneoin na n-athruithe i dteanga an phobail mórthimpeall orthu. Tógfar ar shaothar Garret FitzGerald (2003), a bhain leas as torthaí na ndaonáireamh ó 1911 siar chun meastachán a dhéanamh ar sciar na ndaoine a tógadh le Gaeilge de réir aoise agus ceantair i dtréimhsí deich mbliana le linn an 19ú céad, agus G. Brendan Adams a rinne amhlaidh roimhe (1979 *inter alia*) ach ar mhaithe le Cúige Uladh amháin. Cé gur aithin siad beirt deacrachtaí a bheith ag baint le cineál na sonraí a fhaightear sa daonáireamh, ní mór rabhadh breise Chormaic Uí Ghráda (2002) faoi éifeacht Acht na bPinsean Seanaoise, 1908 ar an aois a mhaígh cuid de na daoine a bhí acu i nDaonáireamh 1911 a chur san áireamh chomh maith.

### Foinsí:

Adams, G.B. 1979. The validity of language census figures in Ulster 1851-1911. *Ulster Folklife* 25, 113-122.

FitzGerald, G. 2003. Irish-speaking in the pre-famine period: a study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911. *Proceedings of the Royal Irish Academy* 103C, Number 5, 191-283.

Ó Gráda, C. 2002. 'The Greatest Blessing of All': The Old Age Pension in Ireland. *Past & Present* 175, 124-161.



### **An Dr Katie Ní Loingsigh**

*Léachtóir, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh*

TEIDEAL: ‘Ná bí siar is aniar leis’: caomhnú an chultúir i nathanna na Gaeilge.

ACHOIMRE: Pléifear nathanna, nó cora cainte, na Gaeilge i gcomhthéacs an chultúir sa pháipéar seo. Aithnítear nathanna mar chomharthaí cultúrtha agus is minic a dhéantar ionchódú ar ghnéithe den chultúr iontu. Maítear gurb ionann nathanna agus miontéacsanna cultúrtha trína gcaomhnaítear fochialla cultúrtha éagsúla, mar shampla, ciall íde-eolaíoch, mhiotaseolaíoch, liteartha nó traidisiúnta (Bragina 2000). Tabharfar léargas ar an gcrúinnshamhail shainchultúrtha a chaomhnaítear i nathanna na Gaeilge sa pháipéar seo. Díreofar ar thacar samplach nathanna chun léargas a thabhairt ar an gcrúinnshamhail dúchais atá ag dul i léig. Pléifear an taighde seo faoi scáth an taighde frásaíochta idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích ar nathanna agus ar mheafair atá i mbaol le roinnt blianta anuas (Idström agus Piirainen 2012).

Foinsí:

Bragina, N. 2000. ‘Phraseology and the context of culture’. *International Journal of Lexicography*, 13 (1), 29–34.

Idström, A. agus Piirainen, P. (eag.) 2012. *Endangered Metaphors*. Amsterdam/Philadelphia: John Benjamins Publishing Company.

### **An tOllamh Ríona Ní Fhrighil**

*Ollamh Pearsanta/Léachtóir, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh*

TEIDEAL: Pár fuilsmeartha na staire agus filí na Gaeilge

ACHOIMRE: Cé gur minic a shamhlaítear ‘nós na filíochta príobháidí pearsanta’ le filí na linne seo, d’fól suntais é a liacht sin dán poiblí a chum filí na Gaeilge le breis is céad bliain anuas. Is é an nasc seo idir cúrsaí filíochta agus dioscúrsa chearta an duine croílár an tionscadail taighde ‘Republic of Conscience: Cearta an Duine agus Nuafhilíocht na hÉireann’. Is é príomhspríoc an taighde mionanailís a dhéanamh ar fhilíocht an fichiú haois agus ar an athláithriú a rinneadh i bhfilíocht na hÉireann, as Béarla agus as Gaeilge, ar ghéarchéimeanna daonnúla a bhain leis an iasacht go speisialta – is é sin le cearta an duine go hidirnáisiúnta. Sa chaint seo, díreofar ar phríomhthorthaí an taighde seo i dtaca le filíocht na Gaeilge de. Tá corradh is míle dán Gaeilge san áireamh sa tionscadal seo. Tabharfar cuntas ar na himeachtaí idirnáisiúnta is minice a dtagraítear dóibh sa chorpas seo agus pléifear samplaí ar leith mar léiriú.



### **An Dr Liam Ó hAisibéil**

*Léachtóir, Roinn na Gaeilge, OÉ Gaillimh*

**TEIDEAL:** Torthaí taighde an tionscadail *Family Names of Ireland, 2016-2021*

**ACHOIMRE:** Sa chur i láthair seo, féachfar le léargas a thabhairt ar phríomhthorthaí an taighde a rinneadh ar na mílte sloinne Éireannach idir na blianta 2016 agus 2021 mar chuid den togra *Family Names of Ireland* le Kay Muhr agus Liam Ó hAisibéil. Foilseofar cuid de phríomhthorthaí an taighde san *Oxford Dictionary of Family Names of Ireland* (Deireadh Fómhair, 2021), ach tabharfar le fios sa chur i láthair seo cúlra an tionscadail agus na dúshláin a bhain le togra den chineál seo a bhunú. Díreofar aird freisin ar roinnt de na féidearthachtaí taighde a d'eascair as an tionscadal seo, go háirithe do lucht teangeolaíochta agus ainmeolaíochta, agus dóibh siúd a chuireann spéis i gcúrsaí staire agus ginealais.

### **An tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha**

*Ollamh Bunaithe le Sean- agus Meán-Ghaeilge agus Teangeolaíocht Cheilteach, OÉ Gaillimh*

**TEIDEAL:** An fhilíocht, an foréigean agus an Chríostaíocht sa luath-mheánaois in Éirinn

**ACHOIMRE:** Ní thugann díolaimí filíochta Kuno Meyer, Gerard Murphy, James Carney, Dhaithí Uí Uaithne, Frank O'Connor et alii le fios go raibh an chogaíocht mar théama lárnach i bhfilíocht luath-mheánaoiseach na Gaeilge. Níor dhóigh le duine ar iad a léamh go raibh dlúthcheangal ag an am sin idir an fhilíocht agus an foréigean, ná go raibh luachanna a bhí bunoscionn leis an gCríostaíocht á gcothú go tréan ag sciar tábhachtach de na filí. Eascraíonn an ghné seo den traidisiún as míleatachas na sochaí, agus ardaíonn sí ceist faoi a mhéid is a bhí luachanna na heaglaise ar deighilt ó luachanna na dtuataí. Díreoidh an chaint seo go speisialta ar an gcomhól mar chomhthéacs do reacaireacht na filíochta seo, agus ar an mbaint a bhí ag an gcomhól féin leis an gcogaíocht.